poistphoiblí
publicjobs

# Plean Gnó Straitéiseach Corparáideach 2026

# Plean Gnó Straitéiseach Corparáideach 2026

Clár na nÁbhar:

Leathanach 3-4: Dúshláin, Rioscaí, agus Deiseanna

Leathanach 5-8: Tionchair agus Athruithe Straitéiseacha

Leathanach 9: Torthaí Dearfacha, 2026

# Ár n-aidhm

Daoine éagsúla a earcú ag a bhfuil an cumas, an dea-cháil, agus an díograis chun soláthar ar son na hÉireann.

# Ár bhfís

Aitheantas a fháil mar ionad bairr feabhais san earcaíocht, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaíonn muid.

# Príomhdhúshláin, Rioscaí, agus Deiseanna inár Réimse Oibríochta

**Ár dTimpeallacht Oibríochta:** Tá acmhainneacht le brath i ngeilleagar na hÉireann go fóill; tá éiginnteacht ann go fóill chomh maith, áfach. Tá tionchar mór á imirt ag na cúinsí seo a leanas ar réimse na hearcaíochta in Éirinn: margaí fostaíochta deacra, iomaíocht do dhaoine cumasacha san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, agus ionchais níos airde na n-iarrthóirí agus na bhfostóirí. Tá an chaoi a n-aimsítear agus a gcoinnítear daoine cumasacha á múnlú ag na cúinsí seo a leanas: athruithe ginearálta eacnamaíochta, sochaíocha, agus teicneolaíochta, lena n-áirítear luaineacht geopholaitiúil, brú a bhaineann leis an aistriú fuinnimh, athruithe déimeagrafacha agus tionchar na hintleachta saorga, atá ag méadú.

**Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar do Chliaint agus d'Iarrthóirí:** Chun go n-éireoidh le poistphoiblí, ní mór dúinn réitigh earcaíochta sholúbtha a chur ar fáil a théann i ngleic le heachtraí nach rabhthas ag súil leo agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an lucht saothair. Bíonn bainisteoirí earcaithe agus cuardaitheoirí poist ag súil le taithí earcaíochta shaoráideach, éifeachtach, agus phearsantaithe. Déanfaidh muid tagarmharcáil ar ár bhfeidhmíocht, glacfaidh muid le modheolaíochtaí earcaíochta nua, agus bainfidh muid an leas is fearr as ár soláthar seirbhíse chun freastal ar riachtanais na gcliant agus na n-iarrthóirí. In 2026, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár gcóras earcaíochta ceann go ceann, chun luach na seirbhíse poiblí mar fhostóir a neartú, agus chun modhanna níos solúbtha, atá bunaithe ar shonraí, i leith an earcaithe agus an roghnaithe tallainne a chur i bhfeidhm. In 2026, tabharfaidh muid tús áite do lucht saothair solúbtha, díograiseach, atá sásta glacadh le hathruithe a earcú, ag teacht le tosaíochtaí rialtais, conairí tallainne nua, agus bealaí iontrála nua-aoiseacha isteach sa tseirbhís phoiblí.

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha:** I gcomhthéacs chlár ginearálta Athnuachana agus Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, tugann poistphoiblí tacaíocht maidir le hathchóiriú a chur i bhfeidhm sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Mar eagraíocht lárnaithe earcaíochta, mheasúnaithe, agus roghnaithe don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí, neartóidh poistphoiblí ár gcomhpháirtíochtaí le ranna rialtais, le comhlachtaí earnála poiblí, le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Cuirfidh muid lenár gcumas taighde agus comhairleach, forbróidh muid gréasáin níos láidre, agus bainfidh muid úsáid as faisnéis faoin margadh fostaíochta chun tacú le pleanáil don lucht saothair agus le riachtanais straitéise tallainne ár gcliant.

**Cothromaíocht, Éagsúlacht, agus Ionchuimsiú:** Ar mhaithe le nuálaíocht agus torthaí seirbhíse poiblí níos fearr, tá ionaid oibre ionchuimsitheacha ina bhfuil éagsúlacht le brath an-tábhachtach. Leanfaidh poistphoiblí ar aghaidh leis an obair atá á dhéanamh againn chun ról ceannaireachta a ghlacadh maidir le daoine cumasacha éagsúla a mhealladh agus a choinneáil, ag aithint nach mór dár mbuíon iarrthóirí agus nach mór don tseirbhís a chuireann muid ar fáil éagsúlacht shochaí na hÉireann a léiriú.

**Rannpháirtíocht sa Mhargadh**: Leanfaidh poistphoiblí ar aghaidh leis an obair atá á déanamh againn chun cur le feiceálacht agus dea-cháil na heagraíochta trínár straitéis bhranda, a thugann tacaíocht dár stádas mar earcaitheoir de rogha don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Tá sé mar aidhm againn tuiscint an phobail ar ár n-eagraíocht a fheabhsú, branda fostóra láidir a chur chun cinn dár gcomhlachtaí cliaint, agus, ag an am céanna, buíon iarrthóirí ardchaighdeáin ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath a mhealladh, a thagann lenár bhfís "Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte".

**Úsáid na Teicneolaíochta:** Chun freagairt a thabhairt ar ráta sciobtha na n-athruithe i réimse na teicneolaíochta, leanfaidh poistphoiblí ar aghaidh lena n-iarrachtaí i réimse an athchóirithe dhigitigh, agus bainfidh muid leas as ár n-ardán earcaíochta nua. Tá sé fíorthábhachtach an comhthéacs cibearshlándála agus cosanta sonraí a chur san áireamh. Leanfaidh poistphoiblí air ag cur béim ar chur chuige i leith chur i bhfeidhm na teicneolaíochta ina bhfuil tús áite ag an tslándáil, go háirithe i gcomhthéacs na gcreataí rialála atá á gcur i bhfeidhm, mar shampla NIS2 agus Acht IS an AE.

**Ár nDaoine agus Rialachas:** Leanfaidh muid ar aghaidh leis an obair atá ar siúl againn chun ceannaireacht agus cumas scileanna a fhorbairt, agus solúbthacht, acmhainneacht, agus oscailteacht i dtaca le hathruithe a chinntiú. Cuirfidh muid an custaiméir agus cinntí atá bunaithe ar thorthaí ag croílár ár gcuid oibre, mar aon le freagracht agus bainistíocht riosca, chun dul i ngleic le dúshláin a bheidh romhainn amach anseo. Le déanaí, thug an Foras Eorpach um Bainistíocht Cháilíochta (EFQM) aitheantas cúig réalta dúinn, a léiríonn ár ndíograis i dtaca le barr feabhais, nuálaíocht, agus feabhsú leanúnach. Ina theannta sin, leagann sé béim ar an ngá atá ann le creataí rialachais láidre, trédhearcacht, agus measúnú leanúnach ar ár bpróisis, chun a chinntiú go bhfeidhmíonn muid mar eagraíocht atá dírithe ar fheidhmíocht.

**Úsáid Níos Fearr A Bhaint As Sonraí agus Méadracht:** Tá sé mar aidhm ag poistphoiblí níos mó béime a leagan ar shonraí. Tabharfaidh anailísíocht sonraí tacaíocht do thomhas feidhmíochta, cuirfidh sí le beartas agus le feabhsú próiseas, agus tabharfaidh sí treoir maidir le cinntí i réimse na pleanála straitéisí agus oibríochta.

# Tionchair agus Athruithe Straitéiseacha

**Aithníonn ár Ráiteas Straitéise na príomhthosaíochtaí straitéise seo a leanas, a bheidh mar bhonn taca faoinár ngníomhaíochtaí i dtreo 2028.**


## Ár bPríomhthosaíochtaí Straitéiseacha



# Ár bPríomhscálaí Tomhais

| |
|---|
| Innéacs maidir le soláthar seirbhíse earcaíochta |
| Innéacs maidir le taithí an chliaint |
| Innéacs maidir le taithí an iarrthóra |
| Innéacs maidir le Feidhmíocht Airgeadais |
| Innéacs Iniúchta |
| Innéacs Cáilíochta |
| Innéacs maidir le hAthchóiriú Digiteach |
| Innéacs maidir le Faisnéis Rialachais |
| Innéacs maidir le Rialachas Eacnamaíochta, Sóisialta, agus Corparáideach |
| Innéacs Daoine |

# Ár Luachanna



# Prionsabail Deartha Rialtas na hÉireann

*...tús áite a thabhairt do dhaoine*

...a bheith ionchuimsitheach

...ar mhaithe le hiontaoibh

...seirbhísí a sholáthar le chéile

...chun gur féidir eolas a úsáid arís agus a roinnt

...ón mbarr anuas agus ón mbun aníos

...tuairimí agus dearadh a cheistiú le fianaise

...luach a sholáthar. Luach de gach cineál.

...nithe a shimpliú

...tógáil, tástáil, agus atriail

| Tá poistphoiblí mar chéad rogha do chliaint |
| --- |
| In 2026, tá sé mar aidhm againn a bheith mar sholáthraí earcaíochta de rogha don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí, ag a bhfuil na scileanna, an cumas, agus an ghairmiúlacht, agus ar a mbraitheann cliaint chun barr feabhais san earcaíocht a bhaint amach, caighdeáin earcaíochta a mhéadú, agus tacú leis an Státseirbhís agus leis an tSeirbhís Phoiblí trí dhaoine cumasacha den chéad scoth a chur ar fáil.<br><br>**Inár bPlean Gnó 2026, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:**<br><br>• Comhaontuithe Seirbhíse a chur i bhfeidhm le cliaint, straitéis chumarsáide a fhorbairt, agus cur chuige pearsantaithe a chinntiú chun freastal ar riachtanais na gcliant.<br>• Painéil leanúnacha a reáchtáil ar bhonn píolótach chun tréimhsí roghnaithe leanúnacha a éascú do phoist dona mbíonn éileamh mór.<br>• Cleachtais earcaíochta sholúbtha agus ghníomhacha a úsáid, a bhaineann leas as na deiseanna a chuireann ár n-ardán earcaíochta nua ar fáil chun tacú linn bearnaí scileanna a líonadh do chliaint agus freagairt sciobtha a thabhairt ar chúinsí domhanda a bhíonn ag athrú go sciobtha. |
| **Is é poistphoiblí an t-ionad barr feabhais d'earcaíocht seirbhíse poiblí** |
| Tá sé mar aidhm againn a bheith ag an gcaighdeán is airde i dtaca le hearcaíocht earnála poiblí in Éirinn. Trí nuálaíocht agus dhea-chleachtas earcaíochta agus trínár dtaighde agus ár dtuiscintí a roinnt, cuirfidh muid cruth ar thodhchaí an bhairr feabhais san earcaíocht sa tseirbhís phoiblí.<br><br>**Inár bPlean Gnó 2026, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:**<br><br>• Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár bpróisis ghnó earcaíochta chun na torthaí earcaíochta is fearr a bhaint amach.<br>• An leas is fearr a bhaint as ár dtairseacha chun feidhmiúlacht uathoibrithe a mhéadú dár n-earcaitheoirí, dár gcliaint, agus dár n-iarrthóirí.<br>• Na ceachtanna atá foghlamtha againn maidir le dea-chleachtas san earcaíocht agus teicneolaíocht earcaíochta a roinnt sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.<br>• Feidhm thaighde a bhunú chun cumas taighde a lárú agus a fheabhsú, ag díriú ar réimsí straitéiseacha agus ar réimsí spéise éagsúla ar leith.<br>• Clár oibre don Ghréasán Earcaitheoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. |
| **Is le poistphoiblí a chuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach** |
| Tá sé mar aidhm againn a bheith mar ionad de rogha do chuardaitheoirí poist, agus daoine cumasacha a mhealladh trí láithreacht bhranda láidir, trí luach láidir mar fhostóir, agus trí dheiseanna gairme éagsúla. Trí mhuinín, trí fheiceálacht agus trí rannphháirtíocht a chothú, tabharfaidh muid cumhacht d'iarrthóirí trí thaithí earcaíochta phearsantaithe agus shaoráideach, chun a chinntiú go mbraitheann siad go bhfuil meas orthu, go mbraitheann siad muiníneach agus go mbraitheann siad go bhfuil siad ceangailte le hobair fhiúntach sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.<br><br>**Inár bPlean Gnó 2026, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:**<br><br>• Cur le taithí agus le haistear an iarrthóra.<br>• Leanúint leis an obair atá ar siúl againn chun ár straitéis mhealltа tallainne a fhorbairt.<br>• Leanúint ar aghaidh leis an obair atá á déanamh againn chun líon n-iontrálaithe ar cainteoirí Gaeilge iad a mhéadú, de réir na spriocanna a leagtar amach sa reachtaíocht teanga.<br>• Ár gcéad straitéis CÉ&C a fhorbairt agus conairí éagsúla a chur i bhfeidhm chun iarrthóirí ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a mhealladh.<br>• Ceachtanna atá foghlamtha againn a roinnt le D/PER chun cur le beartas earcaíochta, le téarmaí agus coinníollacha, agus le critéir cháilitheachta. |